18 AN CHAILLEACH SA CHÓRHA

Bhí anso fadó beirt driothár. Bhí duin' acu saibhir agus bhí an duin' eil' acu bocht. Do bhí lán tí páistí ag a' bhfear a bhí bocht; ach ní raibh éinne i n-ao'chor ag a' bhfear a bhí saibhir.

Bhí go math. Do mhair an mháthair, agus is ag a' bhfear saibhir, ar nó, a lonnaig a' mháthair. Ní raibh aon áit ag a' bhfear bocht, ná ní raibh aon ghreim lé n-ithe aige le hagha a chuid páistí. Le hagha seans beag maireachtáil a thabhairt don fhear bhocht dúradar leóthu féin go dtabhairfidís áit maoirseacht do. Thugadar áit bó agus garraí dho, ach má thugadar féin, níorbh fhéidir leis iomurca a dhéana as soin. Do ruith an uair anuas gann air, agus ní rai' an driothár sásta ar aon tsórt giob cúna a thabhairt i n-aon tsórt nós do. Bhí go math.

Oihe dosna hoíheanta, agus iad ruite bocht, gan aon ghreim lé n-ith' aige féin ná age n-a pháistí, do dhin sé féin agus an bhean suas a n-aigine ná féadfaidíst a' bhó a choinneáilt, go gcathfaidíst í a dhíol agus greim lé n-ithe a cheannach dosna páistí. Do bhí an t-aonach ann larnamháireach, agus do d'imig [a' fear bocht] go dí an aonach. Nuair a chua sé go dí an aonach leis a' mbó, níor thairrig aon fhear a bhí ag an aonach piginn do ar a' mbó, agus níor thairrig aon fhear do í thógaint uaig i n-ao'chor.

Do thiomáin sé leis abhaile roimh' an bhó nuair nárbh fhéidir leis aon fhear fháil a cheannódh í, agus bhí sé a' teacht ar a' mbóthar, agus gan aon fhonn muar air theacht abhaile, mar bhí fhios aige ná raibh aon ghiob roimhe insa mbaile. Casag fear ar a' mbóthar leis.

"Ar ag an aonach a bhí tú?" adúirt a' fear.

"Sea."

"Ciocu díol nú ceànnach a dhin tu?" adúirt a' fear leis.

"Níor dhin me ceachtar acu," adúirt sé, " mar nárbh fhéidir liom a dhéana, agus is mó a theastaig uaim díol a dhéana ná go deimhin aon cheannach!"

"Cé an réasún é sin?" adúirt a' fear. "Tá do bhó go math lé feiscint."

"Ní fhacaig éinn' ar an aonach inniubh í," adúirt sé, " agus ní hé sin a d'oilfeadh dó-sa, níl greim ag baile ag mo pháistí ná age n-a máthair!"

"Tá sé sin ró-dhona," adúirt a' fear a casag leis.

Do shiúileadar araon le chéile ar fhaid a' bhóthair nú go dtanadar suas san áit a raibh teh beag a raibh siopa beag ann, agus bhí arán leacaithe ar a' bhfuinneóig ann. Chuir a' fear lámh i n-a phóca, agus thug sé crobh airigid do. "Téir isteach," adúirt sé, "agus tabhair arán leat, agus gach cóir a d'oilfig duit, agus tabhair abhaile go díos na páistí é, agus b'fhéidir go raghainn-se i n-éindí leat!" Ba mhaith é sin. Do ghlac a' fear uaig é, agus do d'imi sé leis abhaile agus lán mála do dh'arán aige.

Cistithe ag
An Chomhairle Oidhreachta
The Heritage Council

Do choinnic an bhean an bhó a' teacht, agus bhí fhios aici ná rai' sí díolta, agus do dhubh agus do ghoram uirthi mar ní raibh aon ghreim lé n-ith' aici. Níorbh fhada go bhfaca sí a' fear a' teacht, agus a' t-ualach ar a dhrom, agus an fear eil' a' siúl i n-éindí leis. Tháinic náir' uirthi mar ná raibh aon áit aici le hí an fhir a bhí a' teacht, agus bhí fhios aici go math ná raibh aon ghreim sa teh aici, agus ní raibh fhios aici go raibh aon ghiob a' teacht.

Tháinic a' fear isteach agus an strainnséir i n-éindí leis. Leag sé dhe a mhála, agus leag sé dhe gach mála dhá raibh aige.

"Cuir i gcóir greim bí dhúinn-ne," adúirt sé, “ tá ocaras anois oram-sa!"

Bhí áibhéis ar a' mbean, agus do chuir sí i gcóir a' bia. D'uaig siad le chéile a ndóchaint don bhia, agus shuíodar síos.

"Muise, cad é an sórt slí maireachtál' athá anso agat?" adúirt a' fear strainnséartha leis.

'Táim a' maoirseacht dom dhriotháir," adúirt sé.

Agus cé leis an t-eàllach ar fad sin amuh thímpeall a' tí?" adúirt sé.

"Lem' dhriotháir ! " adúirt sé.

"Ná béarfá ar chuíora," adúirt sé, "agus i thabhairt isteach chuig í mharú dhod' pháistí?"

"Ō," adúirt sé, "ní bheadh aon fháil agam air: chuirfaí amach as a' maoirseacht ar fad ansin me!"

'Aidhe 'ra, níl ionat ach amadán!" adúirt sé.

Do bhuail sé amach, agus do thug sé leis isteach cuíora, agus do mhara sé í. D'ua sé féin agus lucht a' tí an chuíora fad a sheasa sí, agus nuair a bhí an chuíora it' acu, bhuail sé amach, agus do mhara sé ceann eile, agus d'uadar í.

Bhuail fear an eallaig-bhuail sé an bóthar, agus chóiri[mh] sé na caoire, agus bhí na caoire imithe. Nuair a bhíodh a' dínnéir á chuir i gcóir i gcónaí ní rai' sé i bhfad ó theh a dhriothárd'fhaighidís balaithe na feóla go han-dian nuair a bhíodh a' ghaoch a' teacht ar a' bpoínte sin, agus d'fheicidís na páistí a' léimirig amuh insna páirceanna, agus mèisneach orthu.

"M'anam," adúirt fear a' tí a bhí thoir-ba dh-é an maighistear é" go bhfuil méisneach mhuar ar na páistí athá siar anseo. Tá siad a' léimirig ar na páirceanna, agus tá fear strainnséartha ann, agus níl muinín ar bith agum as, agus tá cúpala ceann dom chuid caoire-ní féidir liom iad fháil. Is dói liom go bhfuil siad a' creach na gcaoir' oram," adúirt sé.

"Cé a' nós a mbe fhios againn cad athá siad a dhéana?" adúirt a bhean leis.

"Níl fhios agam ar thalamh a' domhain," adúirt sé, "agus tá faitíos oram roimh a' bhfear strainnséartha."

"'Neósa me dhuit cad a dhéanfa tu?" adúirt a' tseana-bhean a bhí i n-a suí insa chúinne-ba dh-shin í máthair na céile. "Tá córha mór ansin thuas," adúirt sí, " agus cuir mis' isteach ann, agus cuir mo dhóchaint lé n-ithe dhom ar fiog trí nú ceathair 'o laethanta, agus abair leóthu ná fuil aon áit anseo i gcóir an chórha, go bhfuil tú a' dul a dhéana rud eicínt ar fhuaid a' tí; agus leag a' córha thiar i gcúinn' an tí acu, agus be fhios agam-sa cad athá a' dul ar n-agha ann.

"Is math a' plean é," adúirt an fear.

Do chuir sé i gcóir a' córha, agus do chuir sé a dóchaint aráin agus feóla isteach insa chórha leis a' seana-bhean. Tógav anoir é, agus leagav isteach é.

"Níl aon tslí don chórh' agam héin ar chuairt dó nú trí laethanta," adúirt sé, " agus fágfamuid anseo é nú go mbeig rud eicínt déant' againn athámuid le hagha a dhéana thoir ag a' dteh."

"Tá sin go math!" adúirt bean a' tí a bhí thiar. "Leag ansin é; tá slí a dhóchaint aige ann."

Leag sé ansin é.

Do tháinic an strainnséir isteach tréanthóna, agus d'fhéach sé thímpeall a' tí. "Cá bhfuair tu an córha muar sin athá ansin thuas," adúirt sé, "ó d'imi mis' amach ar maidin?"

« 'Ó, sin córha muar leis a' maighistir," adúirt sí," agus do chuir sé anoir chúinn é, mar níl aon tslí thoir aige, ar chuairt dó nú trí laethanta."

"Ní fheadar cad é a' rud athá ann," adúirt an fear strainnséartha. "Ŏ, mhuise, níl fhios agam," adúirt sí, "tá glas air, agus ní ligfeadh a' faitíos dúinn é oscailt; ar nó," adúirt sí, " mharófaí sinn!"

"Ní bheig i bhfad go n-oscalaí mis' é," adúirt a' fear, "agus go mbe fhios agam cad athá istig ann!"

Do chua sé suas, agus d'oscail sé an córha, chuir sé ramhainn fé nú rud eicínt gur bhain sé suas an cover air. Cad a bhí istig ach a' tseana-bhean, agus a dóchaint 'ráin agus feóla agus gach uile rud istig aici dá hithe.

"Tá tusa go math," adúirt sé, " agus tá páistí bocht' anseo ná fuil aon ghiob acu!"

Do riug sé ar chrái[mh] feóla agus do shá sé siar i n-a píobán í nú gur thacht sé í! Do bhí sí ansin tachtaithe; agus do dhúin sé anuas an córha aríst. "Fan ansin anois," adúirt sé, " nú go reagha tu abhail' aríst!"

Bhí go math. B'fhada leóthu fanacht ar fiog dó nú trí laethanta nú go bhfaighidís cúntas ón seana-bhean. Cuireag fios ar a' gcórha ar maidin larnamháireach, agus chua sé soir aríst. Hoscalaíog a' córha go bhfaigheathaí amach cúntas ón seana-bhean, ach ní raibh aon chúntas aici ach aon chúntas amháin, go raibh crá[mh] feóla sáite siar i n-a muinéal, agus í tachtaithe!

"Muise, nár fhóiri Dia ort!" adúirt a' fear a bhí thoir. "Cheap me go raibh do dhóchaint lé n-ith' agat; ní fhéadfá gan tu féin a thachta!"

Bhí go math. Níor labhaireadar aon fhocal, agus do chuireadar tórramh ar a' seana-bhean. Chua gah éinne go dí an dtórramh, agus chuaig muíntir a' tí a bhí abhus-ba dh-é a mac féin aríst é-agus chuaig a' strainnséir leóthu. Cuireag an-tórramh uirthi, agus bhí socharaide lárnamháireach ann. Má bhí choíhint, an lá bhíothas dá cur do bhí an strainnséir a' faoileáil abhus agus tall, thoir agus thiar i ngach uil' áit tímpeall a' choirp nú go bhfaca sé gach rud a bhí dá dhéana. Cuireag go leór iarbhais insa chórhainn léithi; cuireag 'rán léithi, cuireag feóil léithi, cuireag bairtleacha léithi, agus cuireag pluideanna muara troma léithi agus peiliúr muar fé n-a ceann.

Do bhí go math. Choinnic sé seo gach ní acu, agus má choinnic chofhe, nuair a bhí sí curtha thaini sé abhaile insan oíhe:

M'anam," adúirt sé, "gur cuireag a' tseana-bhean úd antsaibhear, agus, ar nó, níl gró ar bith aici dá lithéide. Dhéanfadh sé math dhosna páistí seo an méid athá thímpeall uirthi. Tá pluideanna agus cuilteanna aici, tá bairtleacha thímpeall uirthi, agus tá peiliúr breá fé n-a ceann. Maidir leis an méid 'ráin agus feóla athá aici," adúirt sé, " choinneódh sé suas na páistí seo go ceann seachtaine."

Insan oíhe do d'imi sé, agus do thug sé leis ramhainn agus sluasaid. Do chua sé isteach go dí an dteampall, agus nuair a bhí sé a' góil isteach go páirc a' teampaill, bhí sé a' góil tríd a' bpáirc, agus do casag fear eile leis.

"Dia dhuit ! " adúirt sé leis a' bhfear a casag leis.

"Dia's Muire dhuit féin!" adúirt a' fear eile.

"Cá ragha tu anois ?" adúirt an fear a bhí a' dul ag ascailt na hua'.

" Ragha mé a' goid chaeireach!" adúirt sé. “Cá ragha tu féin?" adúirt sé.

" Tá seana-bhean a cuireag anso inniubh, agus cuireag go leór saibhris léithi, is níl aon 'nó aici dhe, agus tá mé a' dul á robáil, agus tabhairfi me gach a bhfuil aici insa chórhainn-tabhairfi me liom é; déanfa sé ag baile dhúinn ! A' ndéanfá páirt?" adúirt sé. "Tá me sasta!" adúirt sé.

"Well, anois, nuair a gheó tus' an chuíora, tar isteach chuig an ua chúm-sa, agus fanfa mé leat, agus beig a' tseana-bhean tócth' agam an uair sin, agus roinnfimuid gach ní le chéile, agus beig dhá leath go ghach cuid acu againn."

"Déanfa sin a' gnó," adúirt a' fear a bhí a' dul a' lorag na caeireach.

Do chais sé seo isteach go dí an roilig, agus do chua sé ar oscailt na hua' nú gur thóg sé an tseana-bhean. Nuair a bhí an tseana-bhean tócaithe aige agus í robáilte, do riug sé uirthi agus do thóg sé aníos as a' gcórhainn í, do bhuail sé ar a dhroim í, agus níor stop sé riamh riamh léithi nú go dtug sé isteach in yard a' driothár í insan áit a raibh a mac. Do riug sé uirthi ansin, agus do chuir sé suas ar thaobh a' tíí, an áit

a raibh dréimire, agus do cheangail sé ansin thuas í. Do chuir sé scolab treasn' i n-a béal, agus chuir sé scolab eil' i n-a láimh, agus do bhí sí ansin thuas a' cuir dín!

Ar maidin lárnamháireach ansin, an chéad fhear a d'eighrig amach, d'fhéach sé thímpeall, agus choinnic sé thuas ar thaobh a' tí an tseana-bhean agus curaic aici a' cuir dín ar a díheallt. Do chua sé sin isteach agus dúirt sé istig:

"Ŏ, tá Granny amuh ar thaobh a' tí, agus tá sí a' cuir dín! Tá scolab i n-a láimh agus tá scolab eil' i n-a béal!"

"Ŏ, Dia lé cabhair chúinn!" adúirt a' mac," cad a chuir ansin í. Ní fhéadfadh sai gan pionós mór a bheith uirthi agus a theacht ansin. Cad a dhéanfamuid anois ? Cé bhfaigheamuid duine a labhairfig léithi? Ní ligfeadh faitíos dó-sa dul a' caínt léithi. Is dócha gur heárr 'úinn an fear athá insa teh seo thiar-fios a chuir air agus má theigheann fear ar bith a' caínt léithi is é a raghaig ann."

Do bhí go math. Do chuireadar teachtaire siar go di teh an driothár a bhí a' maoirseacht thiar do. Do bhí sé sin i n-a shuí síos agus é t'réis eighrí as a leabain ar maidin, agus hínsíog a' scéal do.

"Muise, Dia lé m'anam," adúirt sé sin, "go mbeadh sae dainnséireach a dhul fae dhéin a lithéide sin anois, mar ní thaini sí ansin choíhe gan réasún muar, agus tá sé dainnséireach do dh'fhear ar domhan a dhul i n-éadan duine a tháinic ón saol eile."

" 'Geó tú díolaíocht ar domhan," adúirt a' teachtaire, "ach go ragha tú a' caínt léithi agus go bhfaighe tú cúntas uaithi cad a chuir ther n-ais í."

"Well, tá sé có math dhom mar sin féin a dhul agus é thástáilt." Do d'imi sé, agus do chua sé suas chuici, agus má chuaig choíhint do bhain sé cor aisti, agus má bhain, bhíodar ag iomarascáil thuas ar a' ndréimire nú gur riug sé uirthi, agus chua sé dhá straca leis anuas nú go dtug sé go talamh í.

Nuair a thug sé go talamh í, do thit sé ar a' dtalamh, agus do chuir sé an chailleach ar uachtar, agus ní fhaca tú aon scríoba riamh mar a thug an chailleach dá agha! Do bhí troid mhuar eatarthu ar fiog i bhfad, agus é féin agus í féin a' cogarnaig agus a' caínt lé chéile! Nuair a bhí an chaint déant' acu ansin, do riug sé ar a' seana-bhean, agus leag sé ar a' dtalamh aríst í, agus d'iúmpa sé thímpeall:

"A," adúirt sé, " níor chuir sib leath a dóchaint leis a' mbean seo, agus níor sheasa sé aga ar domhan di, ach cuirigí cuid mhuar eile léithi, agus cuirigí chuig a' tsiúil í aríst. Agus cuirigí í, agus má d'fhéadann sib i n-ao'chor í choinneáilt amuh is mar sin é!"

Mar sin a bhí. Cuireag tórramh eil' uirthi, agus pé ar domhan méid a cailleag an chéad lá léithi cailleag a chúig oiread an tarna lá insa chaoi nárbh fhéidir léithi féin ná le haon ghiob a dhul insa chórhainn do bhí sé (sic) có lán sin le bia, le héadach agus lé pluideanna teócha thímpeall uirthi le hí go bhfanadh saí insan ua.

Mar sin a bhí. Do bhí sé seo a' féachaint ar gach ní, agus choinnic sé gach ní 'á ndeaghaig ann.

"M'anam héin," adúirt sé, "nuair a thaini sé abhaile tréanthóna, “gom fhiú dhul fae dhéin na seana-mhrá úd aríst, agus gu' dói liom go n-imeó mé anocht!"

"B'fhearr 'uit," adúirt bean a' tí, “gan bàcacht léithi agus gan a bheith a' tarrainnt níos mó searúis ar fhuaid na sráid' orainn!"

"Well," adúirt sé, "ní deifir é. Ragha me ann aríst anocht, agus tógfa mé í, agus beig turn eil' againn aisti!"

Mar sin a bhí. D'imi sé nuair a tháinic an oíh' air, agus do thug a ramhainn agus a shluasaid leis, agus do thug sé leis aríst í, agus a' méid iarbhais a bhí thímpeall uirthi; agus do bhí ualach math a' teacht air nú go dtaini sé isteach san yard aríst. Nuair a tháini sé isteach san yard aríst bhí scioból ann a mbíodh coirce dhá bhual' ann, agus an lá rimhe sin do bhí buailteóirí a' buala choirce ann. Well, má bhí choíhint, do thug sé isteach sa scioból í, agus do chuir sé i n-a seasamh suas í, agus chuir sé tacaí léithi a choinnig i n-a seasamh í. Nuair a bhí sí i n-a seasamh as coinne na heasarach amach, do chuir sé súist' i n-a doirean; agus do bhí sí ansoin ar maidin a' buala choirce!

Do tháinig a' buailteóir a bhí inné rimhe sin ann, agus d'oscail sé isteach a' doras, agus chonnaic sé istig rimh' í agus a' tsúist' i n-a durain. Do thit sé ar chúl a chínn amach, agus má thit choíhint, do ruith sé có dian i n-Éirinn agus b'fhéidir leis é, agus chua sé isteach abhaile go dí n-a mhaighistear aríst.

"M'anam," adúirt sé, "ná fuil aon mhath insa méid a dhin sibh inné, go bhfuil sí amuh insa scioból, agus í a' buala choirce có dian is dob fhéidir léithi i gcathamh na hoíhe!"

"A, Dia lé m'anam," adúirt a' fear tí, "cad a dhéanfam i n-ao'chor nú a' bhféadfamuid í choinneáilt amuh i n-ao'chor?" "Níl fhios agam," adúirt sé, " ach ní raghamuid insa scioból feastaint: tá sí istig sa scioból."

"Cad a dhéanfamuid léithi ?" adúirt sé.

"Níl fhios agam," adúirt a' [buailteóir], " ach tá sé chó math a dhul ag a' bhfear a thug chuig a' tsiúil hean' i, agus b'fhéidir go raghadh sé aríst ar n-agha léithi."

Do chuaig fios air sin aríst, agus ní rai' sé sást' ar theacht i n-ao'chor fae n-a déint, ach nuair a tháini sé isteach go di fear a' tí:

"Tá sé chó math dhuit a dhul aríst," adúirt sé, " agus labhairt léithi siúd agus féachaint cad a chuir ther n-ais í."

"Ní be[ag] liom a bhfuair me inné uaithi, ach ní fhéadfainn a dhul fae n-a déint aríst!"

Fuair sé dó nú trí iarrachtaí fuiscí a chorraig go math é ansin, agus ghlac sé mèisneach, agus d'imi sé aríst. Chua sé fae dhéint na seana-mhrá, agus nuair a láimhsi sé í héin agus a' tsúist, níor dhin sé aon bhlas ar bith ach titim insan easair. Chuaig an chailleach san uachtar air; tharrainn sé anuas i n-a mhullach í, agus bhí

straca muar istig san easair ar fiog an-fhada go léir acu. Nuair a bhí roinnt cainte déanta san easair, má b'fhíor é féin, d'fhág sé ansin í, agus d'eighri sé amach.

"Is gairid a chua an méid sin a chuir sib an uair úd léithi!" adúirt sé. "Cuirigí anois oiread agus an oiread eile léithi, agus cuirigí stuif eicínt ar fónamh léithi níos feárr ná mar a chuir sib léithi [heana]!"

Mar sin a bhí. Tugav isteach aríst í, agus cuireag gach uile short ollamhathais ab fheárr ná a chéile léithi nú gur líonag a' chórha mhath mhór aríst, agus tiomáineag chuig a' tsiúil í agus cuireag í.

Bhí go math. An tríú hoíhe, do d'imi sé leis, agus do thóg sé aríst í féin agus ar ghuibh léithi, do thug sé leis amach ar pháirc í. Do bhí bramach óg ansin amuh ar a' bpáirc nár gabhag riamh. Do bhí sé ar súil leis a' mbràmach nú gur chuir sé isteach i stábal' í. Do chaith sé scartha ar a' mbramach í, agus do cheangail sé anáird' ar a' mbramach í. Do chuir sé srian i n-a láimh agus slat sa láimh eile, agus do scaoil sé amach ar fhuaid na páirc' é. Do bhí an chàilleach ar marcaíocht ar a' mbramach, agus níorbh fhéidir le n-a dhíheallt í leaga mar bhí sí ceangailte thuas air nú go raibh a' bramach i ndáil le bheith marabh.

Ar maidin, nuair a d'eighri na daoine, do bhí an bramach agus a chúl le claidhe, agus a' chàilleach ar marcaíocht air. Do choinnic fear eicínt é-an maor-do choinnic sé an bramach amuh agus an tseana-bhean ar marcaíocht air. Do chais sé isteach go dí n-a mhaighistear.

" Araeir a bhí an oíhe is déine ar fad insa scéal!" adúirt sé. "Tá do mháthair amuh," adúirt sé, " agus tá sí ar marcaíocht ar a' mbramach, agus ní fiú piginn rua an bramach: tá sé marabh t'réis na hoíhe. Tá sí a' fiach ar fhuaid na páirce i gcathamh na hoíhe leis !"

Ó, Dia lé m'anam," adúirt sé, " cad a dhéanfamuid i n-ao'chor léithi, ach a' bhfuil rud ar bith insa tsaol a choinneóig as í, d'aon tsórt ní?" "

"Níl fhios agam," adúirt a' maor, “ ach tá sé chó math dhuit a dhul go dí an bhfear a labhair heana léithi, agus labhairfi sé aríst léithi, is dóch!"

Do chuaig fios fae n-a dhéint sin go dí teh an driothár, agus hínsíog a' scéal aríst do, agus bhí fhios aige sin go math go raghadh a' cúntas chuige. Mar sin a bhí. Ní rai' sé sásta ar a theacht, ach tháini sé mar soin féin, agus labhair [a' fear tí] aríst leis:

"Rud ar bith a d'iarrfa tú oram," adúirt sé, " anois má theigheann tu agus í a chúisiú agus fiafraí di cad a chuir ar n-ais í, tabhairfi mé dhuit é!"

Well, tástálfa me [é]!” adúirt a' strainnséir.

Do d'imi sé amach, agus do bhí sé ar súil leis a' mbramach nú gur riug sé air, agus b'fhuiris do breith air mar bhí sé tuirseach tnáite. Do riug sé ar a' seana-bhean, agus strac sé chuige anuas í, agus ba dhiocair í straca, 'ám fhíor é féin, agus faid a bhí sé

dhá straca bhí sé féin agus í féin san acharann lé chéile, agus cad a bhí sé a dhéana ach a' scaoile na gcórdaí a bhí dhá ceangal. Do strac sé anuas ar a' dtalamh aríst í, agus i n-ionad í thabhairt ar a' dtalamh is é an áit a dtug sé í anuas i n-a mhullach féin. Do thit sé féin ar a' dtalamh fúithi, agus bhí iomarascáil mhuar ansin ar fiog tamaill. D'fhág sé ansin í, agus chais sé isteach aríst ar a' maighistear, nuair a bhí cuairleáil mhuar déant' aige féin agus ag a' seana-bhean le chéile!

'Níl aon mhaith dhuit a' caínt i gcathamh a' domhain," adúirt sé. "Ní stopfa do dhíheallt í, agus be sí a' teacht i gcathamh a' domhain mar tá éagcóir mhuar déant' agat-sa le fada riamh ar do dhriotháir. Agus anois," adúirt sé, "níl aon fháil aici sin a dhul isteach insa Flathais go brách, ná ní ragha tus' isteach insa Flathais i n-a diaig, nú go n-iúmpaí tú thímpeall agus go ndini tú dhá leath don méid is fiú tu istig agus amuh i ngach uile shórt áit, agus go dtuga tú a leath dhod dhriotháir. Agus nuair a bhe sé sin déant' agat, ní chasfa sí go brách aríst, agus be sí istig isna Flathais, agus ní bheig aon bhaol ort féin ná go ragha tú isteach isna Flathais i n-a diaig!"

Do d'iúmpaig a' fear saibhir thímpeall lom láithreach ar nós ná beadh a' tseana-bhean a' teacht chuige feastaint ná a' déana triobalóide dho, agus faitíos go mbeadh aon triobalóid ar a anam féin insa deire. Do dhin sé dhá leath dhá chuid saibhiris agus dhon méid ab fhiú é, agus do thug sé a leath dhá dhriotháir bocht, agus nuair a bhí sin déant' ansin agus gach rud socair 'deir a' driotháir bocht agus a' driotháir saibhear, do bhíodar có-shaibhireas.

"Well anois," adúirt a' strainnséir a bhí ar lóistín ag teh a' driothár i gcónaí, “ tá tusa go math as, agus tá sé chó math dhó-sa imeacht agus dul abhaile dhom héin. Tá rud math déant' agam duit-se ó tháini mé anso, agus ní fheicfi tú aon lá bocht go brách aríst, mar tá leath chuid do dhriothár fuit' agat, agus cathfa mise dhul abhaile dhom héin."

"Ŏ," adúirt bean a' driothár, "ar nó, ní imeóir uainn choíhint, agus coinneómuid tu anois, agus bíodh do chuide dhon tsaibhireas agat mar athá againn-ne dhúinn féin!”

"Níl aon 'nó dhod chuid saibhiris agam-sa," adúirt a' fear strainnséartha, "mar is ceann ar n-agha a thaini mis' anseo chút-sa le hagha math a dhéan' ort, agus tá mo dhóchaint ag bail' agam-sa insan áit a bhfuil me héin!"

Do bhí sé ráite, agus d'airíomair é insa tsean-aimsir, nuair a bhí an scéal dá ínseacht, go mba fear a thainic ón saol eile [é] chuig math a dhéana dhon fhear a bhí bocht, mar ná raibh aon 'nó ag a' bhfear a bhí saibhear do leath a chuid saibhiris, mar ná raibh muirear ná éinn' air ach é féin, agus do bhí muirear go leór ar a' bhfear a bhí bocht.

73. "HIE OVER TO ENGLAND!"

Bhí fear i n-a chónaí anso ar na croic, an áit a dtugann siad An Croc Uaithne air, thoir gairid dúinn, agus níl aon fhad aimsir' ó choin i n-ao'chor. B'ainim do Seán do

Cistithe ag
An Chomhairle Oidhreachta
The Heritage Council

Long. Do bhí teh beag deas, cuascuilithe, cluthair aige, agus choinníodh bean a' tí anaghlan é. Do bhí na "daoine matha "-do bhídíst a' lonnú ann anois a's aríst nuair a d'oilfeadh dóib bheith a' catha bí', agus iad a' góil a' bóthar.

Oíhe 'osna hoíheanta, do bhíodar a' cuir i gcóir chuig dul anúnn go Sasana a' robáilt store biotáille a bhí thall istig i Lúndain. Do bhuaileadar a' bóthar go dí Seán ag imeàcht dóib go gcathaidíst bia. Do bhíodar a' cath' an bhí' leóthu, ach má bhí choíhint, pe'r domhan nós ar dhúisig Seán, agus é thiar ar a leabain, do d'airi sé an cúlódar ar fhuaid a' tí. Do chrom sé ar bheith a' féachaint aniar orthu; agus bhí sé lách, éifeachtach. Do chuíni sé go math cad é a' rud a bhí ann.

Bhí go math. Do bhí sé a' féachaint orthu, agus nuair a bhí an bia cait' acu, do bhí cupán leacaithe ar éadan a' bhúird, agus níl aon tsórt fear acu, nuair a bhí sé a' góil amach, ná tagadh go dí an gcupán agus ná tumadh a mhéar ann, agus ná habaraíodh:

" Each agus gath dhó-sa,

Agus Hie over to England!"

Do chimilíodh sé é ar chlár a éadain, pé ar domhan stuif a bhí insa chupán. Bhí go math.

Bhí Seán thiar, agus bhí sé a' féachaint orthu ar fad, agus iad a' góil amach dá dhéana sin. Do d'eighri sé dho léim thiar as a leabain, agus ní raibh air ach a léine a' góil aniar do, agus do tháini sé go dí an gcupán, agus do thúm sé a mhéar ann.

" Each a's gath dhó-sa,

Agus Hie over to England!"

adúirt sé.

Amach trí mhullach a' tí lé Seán mar ghuibh gach duin' eile, agus níor stop choíhint ach ag imeàcht i n-a ndiaig nú go ndeaghadar isteach anúnn go Cathair Lúndain. Chuadar isteach sa stór a bhíodar le hagha robáil, agus nár chua[ig] Seán i n-éindí leóthu! Bhí go math. Bhí gah éinne a' déana a ghnótha féin istig, agus do bhí Seán a' féachaint orthu a' góil abhus a's tall. Ach, ar ndó, do bhí dúil sa bhraon ag a' bhfear bocht. Do bhlais sé cuide dhon bhraon, agus nuair a bhlais sé é bhlais sé aríst agus aríst eil' é. Ach d'ól sé iomurca dhe, thit sé ar meisce, agus thit sé i n-a cholla cois bairille.

Ar maidin, nuair a thainic na fearaibh oibire isteach a' dul ag obair insa store aríst do fuaireadar an store robáilte. D'fhéachadar i ngach uile shórt áit, a's ní raibh fhios acu cé a' nós a dtáinic na bithiúnaig isteach a robáil é. Do bhíodar a' góil tríd a' dteh; ach casag leóthu Seán, agus é caite i mbun bairille i n-a cholla shuain le meisce. Do thógadar suas é, agus ní raibh fhios acu ar huain cé an sórt é. Do thugadar leóth' é. Do chuireadar dlí air, agus do thugadar leóth' isteach i bpríosún ansin é nú go dtáinic lá na cúirte. Nuair a tháinic lá na cúirte, bhí Seán i n-a léine agus é i n-a sheasamh thuas ar a' mbínse os coinn' an bhreithimh; agus ní raibh fhios ag a' mbreitheamh cad é an sórt é i n-ao'chor. Nuair a d'fhiafraíodh a' breitheamh ceist do Sheán, ní bhíodh fhios ag Seán é fhreagairt, agus ní raibh fhios aige cad a bhí sé a' reá; ach

Cistithe ag
An Chomhairle Oidhreachta
The Heritage Council

dá bhfreagaraíodh héin ní bheadh fhios ag a' mbreitheamh cad a bheadh Seán a' reá ach an oiread céanna.

Pé ar domhan súil a thug Seán thuas, do choinnic sé fear beag a' teacht anuas trí mhullach a' tí agus a' seasamh thiar ar chúl a' bhreithimh, agus, má sheasaig choíhint, do dhin sé comhartha do Sheán:

"Each a's gath dhó-sa,

Agus Hie over to Ireland!"

adúirt [a' fear beag].

Chuíni Seán air féin:

" Each a's gath dhó-sa," adúirt sé, agus é i n-a sheasamh ar a' mbórd," agus Hie over to Ireland!"

Amach le Seán trí mhùllach a' tí. Do thit a rai' i dteh na cúirte agus shíleadar gurab é an Fear Muar a bhí ann.

Sin é a' nós mar a thit do Sheán amach. Bhí sé go luath tráthnóna larnamháireach thíos ag baile. Agus nuair a bhí sé a' góil isteach an móinéar i n-a léine chuig muíntir a' tí-chuige féin-ní raibh fhios aige ar thalamh a' domhain cé a' nós a chaith sé an lá agus an oíhe rimhe sin!